



An Coimisiún um
Rialáil Cumarsáide

Commission for
Communications Regulation



Ráiteas Straitéise Achomair um Chumarsáid Leictreonach 2021 go 2023

Réamhrá

Is é an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) an comhlacht reachtúil atá freagrach as an earnáil cumarsáide leictreonaí agus an earnáil phoist a rialáil in Éirinn.

Cé go bhfuil athrú tagtha ar ról na rialála le 20 bliain anuas, tá bunphrionsabal na rialála fós mar an gcéanna – iomaíocht a éascú go príomha trí rochtain ar líonraí a rialáil i gcás go bhfuil bacanna ann, tomhaltóirí a chosaint agus nuálaíocht a spreagadh san earnáil cumarsáide leictreonaí. Trí chinnteacht agus comhsheasmhacht rialála a chinntiú cuidíonn sé lena chinntiú go bhfuil na dreasachtaí cearta chun infheistíocht a dhéanamh ann.

Baineann ról ComReg, dá réir sin, le déileáil le ceisteanna casta dlí, eacnamaíochta agus teicneolaíochta, agus lena chinntiú go ndéanfar cinntí in am agus i dtráth, go ndéanfar ar bhonn cóir iad agus go míneofar go soiléir iad.

Leagtar amach sa doiciméad achomair seo fíis ComReg don earnáil cumarsáide leictreonaí, sainítear ann ár rúin straitéiseacha le haghaidh na mblianta amach romhainn agus sainaithnítear ann treochtaí agus dúshlán earnála a cheapaimid go mbeidh tionchar acu ar ár gcuid gníomhaíochtaí sa tréimhse amach romhainn.

Fíis, Ról agus Misean

Fíis ComReg don earnáil cumarsáide

Tá rochtain inacmhainne, ardchaighdeáin agus fhorleathan ag tomhaltóirí agus gnólachtaí in Éirinn ar sheirbhísí cumarsáide slána agus ar fheidhmchláir chumarsáide shlána a thacaíonn lena riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha.

Ról ComReg

A chinntiú go bhfeidhmeoidh margaí cumarsáide ar mhaithe leis na húsáideoirí deiridh agus leis an tsochaí.

Misean ComReg

Trí rialáil éifeachtach agus ábhartha, cuidímid le hearnáil cumarsáide iomaíoch a fhorbairt in Éirinn a mheallann infheistíocht, a spreagann nuálaíocht agus a chumasaíonn tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.

Treochtaí agus Dúshláin

Tá ról ríthábhachtach ag an earnáil cumarsáide leictreonaí maidir le tacú le tomhaltóirí agus le gnóilachtaí maireachtáil, obair agus cumarsáid a dhéanamh. Sna deich mbliana amach romhainn, beidh tionchar ag fórsaí sóisialta, eacnamaíocha, reachtacha agus teicneolaíochta níos leithne ar fhorbairt na hearnála cumarsáide leictreonaí. Shainnithin ComReg roinnt treochtaí ar dóigh go gcuirfidh siad cruth ar an earnáil, agus ar cinn iad a d'fhéadfadh a bheith ina ndúshlán rialála sa tréimhse amach romhainn:

Nascacht Fheabhsaithe & Teicneolaíochtaí Nua:

Beidh ról níos tábhachtaí ag infheistíocht i líonraí tráchtála, sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda agus i dteicneolaíochtaí 5G sna deich mbliana amach romhainn.

Éileamh Líonraí, Slándáil agus Athléimneacht

Líonraí: Tá méadú suntasach tagtha ar an éileamh ar líonraí cumarsáide leictreonaí agus níos mó daoine ag obair ó chian. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an tábhacht a bhaineann le ceistanna i ndáil le slándáil, sláine agus athléimneacht líonraí de réir mar a bheidh úsáideoirí deiridh ag brath níos mó ar chumarsáid leictreonach.

Eispéireas Tomhaltóirí: Leanfaidh úsáid tomhaltóirí as cumarsáid leictreonach agus teicneolaíochtaí gaolmhara atá ag teacht chun cinn agus glacadh tomhaltóirí leo de réir mar a chuirfear líonraí agus seirbhís ar fáil, ach ní bheidh eispéireas an tomhaltóra mar an gcéanna ar fud gach cineáil tomhaltóra nó limistéir gheografaigh.

Teacht chun Cinn na Margaí Cóngaracha agus

Gaolmhara: Le cur chun cinn na margaí gaolmhara, lena n-áirítear margaí ionchuir (e.g. trealamh), margaí comhlántacha (e.g. sásanna láimhe móibíleacha) agus margaí iarteachtacha cuirfear cruth ar ghlacadh, úsáid agus eispéireas na cumarsáide leictreonaí.

Leanfar leis an digitiú toisc go bhfuil tomhaltóirí ag brath níos mó ar chumarsáid leictreonach, seirbhísí ar líne/digiteacha agus ardáin ar líne.

Is féidir le **hinbhuanaitheacht** san earnáil cumarsáide leictreonaí ról tábhachtach a imirt maidir le geilleagar níos inbhuanaithe a chruthú. Tá lorg carbóin na hearnála ag athrú chomh maith de réir mar atá líonraí úra a n-úsáid.

Todhchaí na Rialála atá ag Athrú san Earnáil:

Beidh tionchar ag an gCód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach agus athruithe/togra reachtaíochta eile ar an dóigh a rialaíonn ComReg an earnáil cumarsáide leictreonaí agus ar raon feidhme ár ról agus ár sainchúraim, b'fhéidir.

Rúin Straitéiseacha

Tagann na huirlisí atá ar fáil do ComReg lena shainordú agus lena fhís don earnáil a chomhlíonadh óna chumhachtaí rialála. Le haghaidh gan réimse laistigh dár ról, d'fhorbraíomar ráiteas um rún straitéiseach agus spriocanna a thacaíonn leis an rún straitéiseach.

Rúin straitéiseacha ComReg

1: Iomaíocht agus Infheistíocht	Earnáil iomaíoch a sholáthraíonn infheistíocht éifeachtach, nuálaíocht agus rogha
2: Cosaint Tomhaltóirí	Is féidir le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide leictreonaí a roghnú agus a úsáid go muiníneach
3: Athléimneacht na Nascachta agus Líonraí	Tá rochtain fhorleathan ag Úsáideoirí Deiridh ar líonraí, seirbhísí agus feidhmchláir chumarsáide ardchaighdeán slána
4: Comhlíonadh agus Forfheidhmiú	Cloíonn eintitis rialáilte le ceanglais rialála
5: Eagraíocht	Is rialaitheoir éifeachtach, sofheagrúil agus ábhartha muid

1. Iomaíocht agus Infheistíocht

Tá an earnáil cumarsáide leictreonaí in Éirinn ina hearnáil iomaíoch a sholáthraíonn infheistíocht éifeachtach, nuálaíocht agus rogha.

Is é an treoirphrionsabal atá againn i gcás go bhfuil an iomaíocht inbhuanaithe, go soláthraíonn margaí na torthaí is fearr i gcomhthéacs infheistíochta agus praghais, cáilíochta, rogha agus nuálaíochta, a rachaidh chun leas na dtomhaltóirí ar deireadh.

Léaráid 1: Éascaítear Iomaíocht agus Infheistíocht le Rialáil:



Rún straitéiseach 1: Spriocanna iomaíochta agus infheistíochta	
Sprioc 1.1	Tá iomaíocht éifeachtach agus inbhuanaithe i margaí miondíola ECN/ECS.
Sprioc 1.2	Tá iomaíocht éifeachtach inbhuanaithe ann a oiread agus is féidir i margaí mórdhíola, i bhfianaise bacanna marthanacha agus bacainní ar iontráil.
Sprioc 1.3	Is féidir le hiomaíocht inbhuanaithe agus éifeachtach tarraingt siar rialála go tráthúil a éascú.
Sprioc 1.4	Éascaíonn dreasachtaí iomaíocha infheistíocht éifeachtach i mbonneagar agus seirbhísí atá ann cheana agus mbonneagar agus seirbhísí úra a mhéid agus is féidir.
Sprioc 1.5	Éascaíonn cinnteacht rialála maidir le praghsáil mhórdhíola agus an ráta toraidh cinntí infheistíochta tráthúla.
Sprioc 1.6	Le bainistíocht speictrim agus uimhreacha éascaítear iomaíocht, feabhsaítear nascacht agus cuirtear infheistíocht éifeachtach chun cinn.

2. Cosaint Tomhaltóirí

Is féidir le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide leictreonaí a roghnú agus a úsáid go muiníneach.


Is éard atá i gceist le Cosaint Tomhaltóirí rialacha a leagan síos lena chinntiú gur féidir le tomhaltóirí rochtain a fháil ar sheirbhísí bunúsacha agus go bhfuil an fhaisnéis acu a theastaíonn uathu chun bheith páirteach go muiníneach sa margadh.

Déanann ComReg cur síos ar bhealach tomhaltóirí tríd an margaidh, nó “Turas an Tomhaltóra”, i gceithre chéim leathana, mar a thaispeántar sa léaráid thíos:

1. Ag breathnú
2. Ag clárú
3. Ag úsáid
4. Ag athrú

Is é cuspóir ComReg a chinntiú go ndéanfar tomhaltóirí a chosaint trí gach céim de Thuras an Tomhaltóra agus leis sin a bhaint amach úsáideann ComReg a uirlisí rialála chun idirghabháil a dhéanamh agus chun cuidiú le tomhaltóirí de réir mar a thiocfaidh ceisteanna chun cinn agus go ginearálta i gcás go sainaithníonn sé ceisteanna atá díobhálach do thomhaltóirí nó a d’fhéadfadh a bheith díobhálach dóibh. Nuair is ábhartha, leagtar béim ar dhíobhálacha sonracha tomhaltóirí agus tugtar aghaidh orthu trí chumhachtaí agus trí shruthanna oibre éagsúla ComReg.

Léaráid 2: Turas an chustaiméara



Rún straitéiseach 2:

Spriocanna maidir le cosaint tomhaltóirí

Sprioc 2.1	Sainaithníonn agus tuigeann ComReg díobhálacha tomhaltóirí.
Sprioc 2.2	Is leor cearta agus cosaintí tomhaltóirí, lena n-áirítear do thomhaltóirí leochaileacha agus do thomhaltóirí faoi mhíchumas, chun díobháil do thomhaltóirí a mhaolú.
Sprioc 2.3	Faigheann tomhaltóirí, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh atá leochaileach agus atá faoi mhíchumas, tacaíocht ó fhaisnéis shoiléir, chruinn agus cothrom le dáta le linn Thuras an Tomhaltóra.
Sprioc 2.4	Tá bacainní ísle ann do thomhaltóirí maidir lena rogha féin a dhéanamh agus iad ag clárú do sheirbhís.
Sprioc 2.5	Seasann a soláthraithe seirbhíse le cearta tomhaltóirí ar feadh a dturais.
Sprioc 2.6	Tá bacainní ísle ann do thomhaltóirí maidir lena rogha féin a dhéanamh agus iad ag scor de chonradh.
Sprioc 2.7	Tá rochtain inacmhainne ag gach úsáideoir deiridh ar sheirbhísí leathanbhanda agus gutha leordhóthanach ag suíomh fostaithe.
Sprioc 2.8	Tá sásraí sásaimh éifeachtacha ag tomhaltóirí, lena n-áirítear rochtain ar phróisis thráthúla fiosraithe agus láimhseála gearán.
Sprioc 2.9	Is ionadaí éifeachtach é ComReg do thomhaltóirí.


3. Athléimneacht na Nascachta agus Líonraí

Tá rochtain fhorleathan ag úsáideoirí deiridh ar líonraí, seirbhísí agus feidhmchláir chumarsáide ardchaighdeán slána.

De réir mar atá méadú tagtha ar ár spleáchas ar chumarsáid leictreonach, táimid ag brath níos mó ar fheidhmiú ceart ár gcumarsáidí leictreonacha.

Is é ról ComReg sa réimse seo tuiscint iomlánaíoch a bheith aige ar easnaimh nascachta agus ar cheisteanna slándála agus athléimneachta líonra atá os comhair na tíre, na huirlisí rialála atá ar fáil dúinn a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin agus chun tacú le daoine eile (e.g. idirghabháil Státhabhrach) a bhfuil uirlisí ábhartha acu mar rialaitheoir eolasach feasach.

Léaráid 3: Creat Straitéiseach



Rún straitéiseach 3:

Spriocanna maidir le Nascacht & athléimneacht Líonraí

Sprioc 3.1	Le líonraí, teicneolaíochtaí agus réitigh teileachumarsáide is féidir le húsáideoirí deiridh páirt iomlán a ghlacadh i ngach gné den tsochaí.
Sprioc 3.2	Ag baint leas as an bhfoireann uirlisí rialála, cuireann gníomhaíochtaí ComReg nascacht chun cinn agus/nó spreagann siad cur i bhfeidhm bonneagair.
Sprioc 3.3	Tá nósanna imeachta iomchuí rioscabhunaithe i bhfeidhm ag oibreoirí chun slándáil agus athléimneacht líonraí a bhainistiú.


4. Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

Cloíonn eintitis rialáilte le ceanglais rialála.

Is é dearcadh ComReg go gcuidíonn córas láidir agus éifeachtach um dhíspreagadh agus cumhachtaí rialála le cultúr dearfach um chomhlíonadh a fhorbairt laistigh den earnáil cumarsáide leictreonaí.

Déanaimid monatóireacht leanúnach ar chur i bhfeidhm oibleagáidí rialála lena chinntiú go bhforbróidh margaí i gceart agus féachaimid le gníomh forfheidhmithe spriocdhírithe a dhéanamh ar bhealach lena n-uasmhéadaítear éifeachtúlacht an chórais rialála.

Léaráid 4: Forfheidhmiú Optamach



Rún straitéiseach 4:

Spriocanna maidir le Comhlíonadh & Forfheidhmiú

Sprioc 4.1	Tá eintitis rialáilte réamhghníomhach maidir lena gcomhlíonadh féin a chinntiú.
Sprioc 4.2	Feidhmítear gníomhaíochtaí um chomhlíonadh agus um fhorfheidhmiú ComReg trí phróisis chothroma oibiachtúla a úsáid agus díreann orthu agus tugtar tús áite dóibh mar is cuí.
Sprioc 4.3	Tá sraith éifeachtach cumhachtaí ag ComReg chun comhlíonadh a dhreasú agus monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a fhorfheidhmiú ar bhealach éifeachtach.


5. Eagraíocht ComReg

Is rialaitheoir éifeachtach, sofhreagrúil agus ábhartha muid.

Lena chur ar ár gcumas ár ról a chomhlíonadh agus oiriúnú do na hionchais atá ag athrú, ní mór dúinn leanúint ar aghaidh lena chinntiú gur rialtóir éifeachtach, sofhreagrúil agus ábhartha muid. Déanaimid amhlaidh trí bheith inár rialtóir eolasach, trí shonraí ardchaighdeáin agus na teicnící anailíseacha dea-chleachtais a úsáid chun ár gcinntí rialála a threorú.

Tá saineolaithe oilte ag obair inár n-eagraíocht a bhfuil próisis eagraíochtúla éifeachtacha agus sainordú a chomhlíonann riachtanais na hearnála mar bhonn agus taca lena gcuid oibre.

Léaráid 5: Rialáil Éifeachtach agus Ábhartha a Chinntiú



Rún straitéiseach 5:

Eagraíocht ComReg

Sprioc 5.1	Tá tuiscint dhomhain ag ComReg ar na margaí a rialaíonn ComReg agus ar mhargaí gaolmhara.
Sprioc 5.2	Tacaíonn soláthar rialta agus tráthúil sonraí iontaofa agus cruinne le cinnteoireacht láidir bunaithe ar fhianaise, monatóireacht éifeachtach ar an margadh agus gníomh eolasach.
Sprioc 5.3	Tá ComReg réamhghníomhach maidir le teagmháil le réimse páirtithe leasmhara.
Sprioc 5.4	Cuireann ComReg leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus foghlaimíonn sé uaidh.
Sprioc 5.5	Tá ComReg bainteach go gníomhach le teacht chun cinn an mhargaidh, lena n-áirítear margaí cóngaracha agus margaí gaolmhara, agus cinntíonn sé go bhforbróidh an sainordú reachtach ionas go mbeidh ComReg ábalta soláthar éifeachtach a dhéanamh.
Sprioc 5.6	Coinníonn ComReg eagraíocht shofhreagrúil, oilte agus spreagtha.
Sprioc 5.7	Tá rochtain inacmhainne ag gach úsáideoir deiridh ar sheirbhísí leathanbhanda agus gutha leordhóthanach ag suíomh fostaithe.
Sprioc 5.8	Ar aon dul leis an dea-chleachtas, tá beartais, próisis agus córais éifeachtúla agus éifeachtacha ag ComReg.

An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
Commission for Communications Regulation

1 Lárcheantar na nDugáí, Sráid na nGildeanna, BÁC 1, Éire, D01 E4X0.
One Dockland Central, Guild Street, Dublin 1, Ireland, D01 E4X0.

Teil | Tel +353 1 804 9600
Rphost | Email strategy@comreg.ie
Suíomh | Website www.comreg.ie